Cód Fógraíochta do Pháistí

Cad a cheapann tú?

An Cód Fógraíochta do Pháistí

Tá cód fógraíochta do pháistí á cheapadh ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (CCÉ), agus teastaíonn bhur gcabhair uainn san obair.

Cad é atá i gceist?

Leagfaidh an cód fógraíochta do pháistí rialacha síos maidir le húsáid na fógraíochta chun rudaí a dhíol le páistí agus le daoine óga. Táimid ag iarraidh ar pháistí agus ar dhaoine óga insint dúinn cad é ba chóir a bheith sna rialacha seo, dar leo.

Cuirfimid bhur dtuairimí san áireamh nuair a bheidh na rialacha á gceapadh againn.

Cén fáth a bhfuil an obair seo ar siúl againn?

Rinne an Rialtas dlí ar a dtugtar an tAcht Craolacháin 2001. Cuireann an dlí seo dualgas orainne (an CCÉ) rialacha a cheapadh.

Cén fáth a dteastaíonn rialacha?

Tá rialacha ann cheana féin maidir leis na slite a n-úsáidtear an fhógraíocht chun rudaí a dhíol le daoine fásta.

Dar le go leor daoine go dteastaíonn rialacha maidir leis na slite a n-úsáidtear an fhógraíocht chun rudaí a dhíol le páistí agus daoine óga. Síleann siad go mbíonn drochthionchar ag an bhfógraíocht ar pháistí, anois is arís, go háirithe ar pháistí óga. Mar sin de, teastaíonn rialacha chun páistí a chosaint ar a leithéid de dhrochthionchar.

Ní drochrud i gcónaí é rialacha a bheith ann. Is féidir le lucht fógraíochta na rialacha a úsáid mar threoir le linn dóibh a bheith ag déanamh a gcuid fógrán. Sa tslí sin, beidh a fhios ag lucht fógraíochta cad iad na rudaí a bhfuil cead acu iad a dhéanamh.

Cén fáth a bhfuil bhur gcabhair uainn?

Chun go mbeimid in ann na rialacha a cheapadh, caithfimid tuairimí a fháil ó gach dream a mbaineann an scéal leo. Táimid ag lorg thuairimí na ndaoine seo a leanas:

- stáisiúin raidió agus teilifíse
- na daoine a dhéanann fógráin
- tuismitheoirí
- daoine a bhíonn ag obair le páistí
- an pobal go léir.

Ach baineann an cód seo leis an bhfógraíocht do **pháistí**. Mar sin de, caithfimid tuairimí na bpáistí a lorg freisin.

Conas is féidir libh cabhrú

Táimid ag iarraidh oraibh smaoineamh faoi roinnt rudaí ar leith. Ba mhaith linn bhur smaointe agus bhur dtuairimí a fháil faoi na rudaí seo.

"Is féidir leat cabhair linn trí na ceisteanna sna mbolgáin a fhreagairt."

Broadcasting Commission of Ireland
Coimisiún Craolacháin na hÉireann

Abair linn gach uile rud is mian libh a rá faoi na ceisteanna seo. Abair linn freisin, cad iad na cúiseanna atá le bhur dtuairimí. Mar shampla, má fhiafraímid díot "ar cheart go mbeadh riail ann faoi seo?" agus deir tú "Ba cheart" ná déan dearmad insint dúinn cén fáth a ndeir tú sin.

Ní gá duit gach uile cheist a fhreagairt.

Freagair na ceisteanna a bhfuil spéis agat iontu agus a bhfuil tuairimí agat fúthu. Is féidir freagraí a chur chugainn ar ríomhphost ar *codes@bci.ie* nó na ceisteanna a fhreagairt ar ár suíomh gréasáin *www.bci.ie* Nó is féidir na freagraí a scríobh síos agus iad a chur sa phost chugainn ag Cód Fógraíochta do Pháistí, CCÉ, 2-5 Plás Warrington, Baile Átha Cliath 2.

Ba mhaith linn bhur dtuairimí a fháil roimh **Nollaig 22, 2003.**

Cé Muidne?

Bíonn roinnt jabanna éagsúla á ndéanamh ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (CCÉ).

Tá an CCÉ freagrach as ceadúnais a thabhairt do stáisiúin raidió agus teilifíse in Éirinn, ach amháin RTÉ. Caithfidh ceadúnas a bheith ag stáisiúin raidió agus teilifíse le go mbeidh cead acu cláir a chraoladh.

Ceapaimid rialacha faoi chláir agus faoi fhógráin, agus déanaimid cinnte nach bhfuil na rialacha seo á mbriseadh ag na stáisiúin a dtugaimid ceadúnais dóibh.

Bíonn an CCÉ ag comhoibriú le stáisiúin chun traenáil a chur ar fáil do dhaoine a oibríonn le raidió agus teilifís.

Déanaimid taighde freisin, chun go mbeidh an t-eolas go léir againn a theastaíonn chun rialacha agus polasaí a cheapadh.

Tugann an CCÉ eolas don phobal freisin, agus freagraíonn na ceisteanna a chuireann daoine orainn faoinár gcuid oibre.

Roinnt eolais úsáidaigh sula dtosaíonn tú!

Leagfaidh an cód fógraíochta seo rialacha síos do stáisiúin raidió agus teilifíse in Éirinn, mar shampla RTÉ 1, Network 2, TG4 agus TV3 agus do stáisiúin raidió ar nós 2FM, 98FM agus Beat FM. Ní bhaineann na rialacha seo le stáisiúin ar nós Sky nó UTV nó an BBC.

Bhí a fhios againn go mbeadh sé deacair na rialacha a cheapadh, agus ba é sin an fáth a ndearnamar trí chuid, nó trí chéim, den obair. Is é atá sa chéad chéim ná a dhéanamh cinnte go dtuigeann gach aon duine na focail 'páiste' agus 'fógraíocht do pháistí'.

Chuireamar ceist ar an bpobal faoin dearcadh a bhí acu. D'éisteamar leis na freagraí a thug siad agus rinneamar cinneadh.

Cad é is páiste ann?

Is iomaí tuiscint a bhíonn ag daoine ar cad é is páiste ann. De réir Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Páistí, is páiste gach duine faoi bhun 18 bliain d'aois. Rinneamar cinneadh aois an duine a úsáid freisin. Shíleamar go mbeadh an tslat tomhais seo níos fearr ná aon cheann eile, mar shampla an rang scoile ina bhfuil an duine, nó cé chomh haibí is atá sé/sí. **Tá an CCÉ agus na Náisiúin Aontaithe ar aon intinn faoi seo. Deirimid gur páiste gach aon duine faoi bhun 18 bliain d'aois.**

Tuigeann an CCÉ go bhfuil difríocht idir 'páistí' agus 'daoine óga'. Ní hionann taithí pháistí agus taithí dhaoine óga, agus ní bhíonn gach páiste chomh cumasach lena chéile. Tá a fhios againn go bhfuil difríocht idir duine atá cúig bliana d'aois agus duine atá cúig bliana déag d'aois, nó idir duine trí bliana d'aois agus duine deich mbliana d'aois. Bíonn a dhearcadh féin ag gach duine díobh faoi chúrsaí an tsaoil.

Ní mar a chéile an dearcadh atá ag páistí maidir leis an bhfógraíocht, agus an dearcadh atá ag daoine óga. Cuirfear sin san áireamh sa chód fógraíochta do pháistí. Seans maith go mbíonn tuiscint níos fearr ag páistí níos sine maidir leis an bhfógraíocht. Seans go mbíonn tuiscint níos fearr acu ar cad é atá an fógrán ag iarraidh a dhéanamh. Seans nach dtuigeann páistí óga sin i gcónaí. Déanfaidh an cód fógraíochta do pháistí iarracht chun páistí óga a chosaint. Ach beidh rialacha ann a bhaineann le páistí níos sine freisin.

Cad is fógraíocht do pháistí ann?

Ba é an dara rud a bhí le déanamh againn ná fáil amach cad is fógraíocht do pháistí ann. Bhí sé seo deacair.

Shíl daoine áirithe gurb é an rud atá i gceist le 'fógraíocht do pháistí' ná fógraíocht ar bith a bhíonn ar siúl nuair a bhíonn páistí ag breathnú ar an teilifís. Shíl daoine eile gurb é atá i gceist le 'fógraíocht do pháistí' ná fógráin le haghaidh rudaí a theastaíonn ó pháistí, bréagáin nó milseáin, mar shampla. Shíl daoine eile fós gurb é atá i gceist ná fógráin a chraoltar le linn cláir do pháistí.

Dar leis an CCÉ go mbíonn dhá rud i gceist le fógraíocht do pháistí. I dtosach báire, is fógraíocht í atá dírithe ar pháistí. Is ionann sin agus a rá gurb í aidhm na fógraíochta ná páistí a spreagadh chun rudaí áirithe a cheannach.

Ar an dara dul síos, is fógraíocht í a bhíonn ar siúl le linn cláir do pháistí.

Mar sin de, is fógraíocht do pháistí gach fógrán le haghaidh bréagáin nó le haghaidh milseán. Agus is fógraíocht do pháistí gach fógrán a chraoltar le linn cláir do pháistí, fiú más fógrán le haghaidh phúdar níocháin é.

Anois, agus socrú déanta againn faoi cad is 'páiste' agus 'fógraíocht do pháistí' ann, tá an CCÉ réidh le smaoineamh ar na rialacha a bheidh sa Chód Fógraíochta do Pháistí.

Conas is féidir libh cabhrú...

Ceist 1 *Ar cheart go mbeadh riail ann faoin gcaoi a iompraíonn daoine iad féin i bhfógráin do pháistí?*

Síleann daoine áirithe gur chóir riail a bheith ann faoin gcaoi a n-iompraíonn daoine iad féin i bhfógráin do pháistí. Má iompraíonn daoine iad féin go holc sna fógráin seo, b'fhéidir go sílfeadh páistí go bhfuil a leithéid de mhí-iompar ceart go leor.

Síleann daoine áirithe go mbeidh páistí agus daoine óga ag aithris ar an mí-iompar a fheiceann siad, bulaíocht mar shampla.

Deir na daoine seo gur cheart riail a bheith ann chun go mbeidh na daoine sna fógráin á n-iompar féin ar shlí nach gcuireann isteach ar dhaoine.

Deir daoine eile nach mbíonn páistí agus daoine óga ag aithris ar na rudaí a fheiceann siad sna fógráin agus nach bhfuil gá ar bith lena leithéid de riail.


An síleann tusa gur cheart
riail a bheith ann faoin gcaoi
a iompraíonn daoine iad féin
i bhfógráin do pháistí?
Cén fáth?

Ceist 2 *An bhfuil gá le riail chun a chinntiú go dtuigeann páistí agus daoine óga brí cheart na bhfógrán?*

Nuair a bhíonn páistí an-óg ar fad, seans go gcreidfidh siad gach rud a fheiceann nó a chloiseann siad. Ní thuigeann siad i gcónaí an difríocht idir 'rud atá fíor' agus 'cur i gcéill'.

Seans go bhfeicfeadh páiste nó duine óg fógrán le haghaidh bréagáin agus go gcreidfeadh sé/sí go bhfuil an bréagán an-mhór nó go ngluaiseann sé uaidh féin. Ach b'fhéidir go bhfuil an bréagán an-bheag i ndáiríre, agus go dteastaíonn batairí le é a chur ag gluaiseacht. Toisc go bhfuil an páiste an-óg ní thuigeann sí gur úsáideadh cleasanna físe chun cuma an-mhór a chur ar an mbréagán. Tuigeann páistí níos sine na cleasanna físe seo, agus bíonn a fhios acu cén chuma a bheidh ar an mbréagán dáiríre.

An síleann tusa gur cheart go mbeadh riail faoi seo sa chód fógraíochta do pháistí?

Seans freisin go gcaithfidh an bréagán a chur le chéile, agus nár thuig an páiste óg é sin. Seans go síleann siad go bhfaighidh siad bréagán díreach mar a chonaic siad san fhógrán é. Nó b'fhéidir go raibh an chuma ar an bhfógrán go bhféadfaí an bréagán nó an cluiche a úsáid go héasca agus nach mar sin atá in aon chor. B'fhéidir nach bhfuil sé oiriúnach ach do pháistí óga.

Nó b'fhéidir nach bhfuil sa bhréagán ach páirt amháin d'fhoireann bhréagán. Seans go sílfeadh an páiste go bhfuil an t-iomlán le fáil má cheannaítear ceann amháin acu. Seans nach mar sin atá, ach go gcaithfidh gach bréagán a cheannach ceann i ndiaidh a chéile.

Nó b'fhéidir go dtabharfadh an fógrán le fios gur bréagán draíochta atá ann agus go gcreidfeadh an páiste sin.

Ceist 3 *Crá agus Ciapadh – An bhfuil gá le riail chun a chinntiú nach gcuirtear tuismitheoirí nó páistí agus daoine óga faoi bhrú mar gheall ar fhógraíocht do pháistí?*

Síleann daoine áirithe go bhféadann an fhógraíocht brú a chur ar thuismitheoirí, ar pháistí agus ar dhaoine óga chun rudaí a cheannach. Deir daoine fásta go mbíonn siad **á gcrá agus á ciapadh**. Bíonn páistí agus daoine óga ag iarraidh orthu, arís agus arís eile, rud éigin a fógraíodh ar an teilifís a fháil dóibh. Corruair, cuirtear na tuismitheoirí faoi bhrú chomh mór sin agus go gceannaíonn siad an rud. Deir daoine go dtarlaíonn sé seo fiú nuair nach bhfuil dóthain airgid ag na tuismitheoirí chun an rud a cheannach in aon chor.

An síleann tú gurb í an fhógraíocht a spreagann páistí agus daoine óga le rudaí a chonaic siad ar an teilifís a iarraidh ar a dtuismitheoirí?

An síleann tú gur cheart riail a bheith ann chun nach mbeidh cead ag lucht fógraíochta páistí agus daoine óga a spreagadh chun iarraidh ar a dtuismitheoirí rudaí a cheannach dóibh?

Deir daoine eile go mbíonn páistí agus daoine óga féin faoi bhrú an bréagán is úire nó an rud atá faiseanta a bheith acu. Dar leo go mbíonn páistí agus daoine óga míchompordach agus ar bheagán cairde sa scoil mura bhfuil na rudaí acu atá ag gach duine eile. Tugann fógráin áirithe le fios go mbeadh saol níos sona ag páistí agus daoine óga dá mbeadh rudaí áirithe acu.

Ach deir daoine eile nach bhfuil sé sin fíor, agus nach ndéanann an fhógraíocht sin in aon chor. Deir siad go mbíonn páistí agus daoine óga ag iarraidh ar a dtuismitheoirí na rudaí seo a fháil dóibh toisc go bhfeiceann siad ag páistí eile iad, agus ní toisc go bhfaca siad i bhfógráin iad.

Deir siad freisin gurb iad na tuismitheoirí a dhéanann cinneadh faoi cad é a cheannóidh siad dá bpáistí, agus ní na fógráin a fheiceann siad.

Ceist 4 *Dualgas na dtuismitheoirí – cé atá freagrach as páistí agus daoine óga a chosaint?*

Iarracht is ea an cód fógraíochta do pháistí chun páistí agus daoine óga a chosaint. Ach, corruair, breathnaíonn páistí agus daoine óga ar chláir nach bhfuil oiriúnach dóibh.

Deir lucht fógraíochta nach bhfuil neart acusan ar pháistí agus daoine óga a bheith ag breathnú ar an teilifís go déanach san oíche nuair a bhíonn cláir do dhaoine fásta ar siúl. Deir siad gurb é sin dualgas na dtuismitheoirí.

Deir lucht fógraíochta agus lucht na stáisiún teilifíse go gcabhraíonn siad le tuismitheoirí agus nach gcraolann siad cláir ná fógráin mhí-oiriúnacha sa lá ná go luath um thráthnóna. Sin iad na hamanna is mó a mbíonn páistí ag breathnú ar an teilifís.

Ach níos moille san oíche, nuair ba cheart do pháistí agus do dhaoine óga a bheith ina luí, craolann na stáisiúin cláir atá oiriúnach do dhaoine fásta. Dar leis na stáisiúin teilifíse gurb é dualgas na dtuismitheoirí é a dhéanamh cinnte nach mbreathnaíonn a gcuid páistí ar an teilifís go déanach san oíche agus nach bhfeiceann siad cláir nach bhfuil oiriúnach dá n-aois.

Deir tuismitheoirí áirithe gur chóir go mbeadh lucht fógraíochta agus na stáisiúin teilifíse an-chúramach an t-am go léir. Bíonn roinnt páistí ag breathnú ar an teilifís go déanach san oíche agus níor cheart rudaí mí-oiriúnacha a chraoladh fiú san am sin.

Baineann an cheist seo leis an rud a dtugtar **'dualgas tuismitheoirí'** air. Síleann daoine áirithe gurb iad na stáisiúin teilifíse ba cheart a dhéanamh cinnte nach mbreathnaíonn páistí agus daoine óga ar rudaí mí-oiriúnacha. Síleann daoine eile gur cheart gurb iad na tuismitheoirí a bheadh freagrach as na rudaí a mbreathaíonn a gcuid páistí orthu.

An síleann tú go mbreathnaíonn páistí agus daoine óga ar rudaí mí-oiriúnacha, anois is arís?

Cé ba cheart a dhéanamh cinnte nach dtarlaíonn sé seo, na tuismitheoirí nó an stáisiún teilifíse?

Cén fáth?

Ceist 5 *An bhfuil gá le rialacha faoi na páistí a bhíonn sna fógráin?*

An síleann tú gur cheart go mbeadh rialacha ann faoi na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach sna fógráin?

Seo a leanas na rudaí a gcaithfimid smaoineamh orthu.

Daoine fásta ag ligean orthu féin gur páistí iad

I bhfógráin áirithe, bíonn aisteoirí fásta ag ligean orthu féin gur páistí iad. Dar le daoine go mbíonn na fógráin seo greannmhar. Síleann daoine eile nach bhfuil sé greannmhar in aon chor agus go bhfuil sé maslach do pháistí agus daoine óga.

An síleann tú gur cheart cead a bheith ag daoine fásta sna fógráin seo ligean orthu féin gur páistí iad?

Cén fáth?



An síleann tú gur cheart go mbeadh riail ann chun nach féidir cuma níos sine a chur ar na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach i bhfógráin, ná iad a léiriú ag déanamh rudaí a dhéanann daoine fásta?

Cén fáth?

Páistí a gcuirtear cuma níos sine orthu, nó a bhíonn páirteach i bhfógráin le haghaidh rudaí do dhaoine fásta.

Bíonn imní ar dhaoine áirithe go gcuirtear cuma 'ghnéasach' nó cuma 'aibí' ar na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach i bhfógráin. Dar leo nach bhfuil sé seo ceart ná cóir. Chomh maith leis sin, bíonn páistí agus daoine óga páirteach i bhfógráin le haghaidh rudaí nach gceannaíonn daoine san aoisghrúpa sin de ghnáth.

An síleann tú gur cheart go mbeadh riail ann a chuireann dualgas ar lucht fógraíochta ordú do pháistí agus daoine óga cead a iarraidh óna dtuismitheoirí sula gcuireann siad aon eolas fúthu féin ar fáil?

Eolas príobháideach a sheoladh go dtí lucht fógraíochta

Corruair, iarrann na fógraí ar pháistí agus daoine óga eolas fúthu féin nó faoina dteaghlaigh a chur ar fáil trí ghlaoch nó trí théacsáil nó tríd an ríomhphost. Bíonn daoine fásta buartha nach dtuigeann páistí agus daoine óga conas a úsáidfear an t-eolas seo nó gurb eolas príobháideach atá i gcuid de. Deir daoine gur cheart, i ngach fógrán, a rá leis na páistí agus daoine óga cead a iarraidh óna dtuismitheoirí sula ndéanann siad seo.

Páistí agus daoine óga ag moladh na rudaí atá sna fógráin.

Corruair, úsáidtear páistí agus daoine óga chun a rá go bhfuil na rudaí atá sna fógráin an-mhaith ar fad. Síleann daoine áirithe go bhfuil sé seo mícheart, mar creidfidh páistí eile an rud a deir an páiste san fhógrán. Go deimhin, is túisce a chreidfidís páiste ná mar a chreidfidís duine fásta. Síleann daoine go n-úsáidtear na páistí sna fógráin seo chun tionchar mícheart a imirt ar pháistí eile agus iad a spreagadh chun rudaí a cheannach.

Cad é a shíleann tusa? Ar cheart ligean do lucht fógraíochta páistí agus daoine óga a úsáid ina gcuid fógrán chun rudaí a mholadh do pháistí eile?

Ceist 6 *Ar cheart go mbeadh cead ag lucht fógraíochta puipéid nó carachtair ó chláir do pháistí a úsáid i bhfógráin atá dírithe ar pháistí?*

I dtíortha áirithe, bíonn rialacha ann chun cosc a chur ar charachtair, puipéid nó láithreoirí ó chláir do pháistí a úsáid i bhfógráin atá dírithe ar pháistí.

Síleann daoine go mbíonn brú ar pháistí na rudaí a fheiceann siad sna fógráin seo a cheannach toisc gur maith leo na carachtair atá páirteach sna fógráin. Seans go mbraitheann na páistí go bhfuil siad míldhílis do na carachtair agus na láithreoirí is fearr leo mura gceannaíonn siad an rud atá san fhógrán. Síleann daoine áirithe go bhfuil sé mícheart páistí a chur faoi bhrú mar seo.

An síleann tú gur cheart riail a bheith ann a chuireann cosc ar dhaoine agus ar phuipéid ó chláir do pháistí a úsáid i bhfógráin atá dírithe ar pháistí?

Ceist 7 *Sábháilteacht – conas is féidir a chinntiú nach gcuirtear páistí i mbaol de bharr na bhfógrán a fheiceann siad?*

Síleann daoine áirithe go mbíonn páistí agus daoine óga ag aithris ar na rudaí a fheiceann siad i bhfógráin. Síleann siad go bhfuil sé an-tábhachtach go mbíonn rudaí á ndéanamh go sábháilte ag na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach sna fógráin. Sa chaoi sin, beidh na páistí sábháilte, fiú má bhíonn siad ag aithris ar na rudaí a fheiceann siad sna fógráin.

Beidh rialacha áirithe sa chód fógraíochta do pháistí faoi seo.

Seo liosta de na rialacha atá i dtíortha eile. Abair linn cén dearcadh atá agat féin faoi na rialacha seo.

(a) Níor cheart go mbeadh na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach i bhfógráin le feiceáil ag dul go dtí áiteanna nach bhfuil eolas acu orthu ná ag caint le strainséirí.

(b) Ba cheart do na páistí a bhíonn páirteach i bhfógráin úsáid a bhaint as an gCód Sábhála agus iad ag trasnú an bhóthair.

(c) Ba cheart do na páistí a bhíonn páirteach i bhfógráin clogaid a chaitheamh nuair a bhíonn siad ag rothaíocht nó ag scátáil nó ag clárscátáil. Ba cheart dóibh crios sábhála a chaitheamh agus iad istigh i gcarr.

(d) Níor cheart do na páistí a bhíonn páirteach i bhfógráin a bheith ag déanamh bulaíochta ar pháistí eile ná á n-iompar féin go dalba le daoine eile.

(e) Níor cheart go mbeadh na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach i bhfógráin le feiceáil ag úsáid trealaimh ná cipíní ná a bheith in aice le tine.

(f) Níor cheart go mbeadh na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach i bhfógráin le feiceáil ag úsáid cógas gan chabhair óna dtuismitheoirí.

An síleann tú gur smaoineamh maith na rialacha seo a bheith ann?

Cén fáth?

An bhfuil riail ar bith eile a shíleann tú a bheadh úsáideach chun a dhéanamh cinnte go dtugann na páistí agus daoine óga a bhíonn páirteach i bhfógráin dea-shampla do pháistí eile ó thaobh na sábháilteachta de?

Aiste Bia na bPáistí

Tá rialacha i dtíortha áirithe faoin gcaoi a léirítear cineálacha bia i bhfógráin atá dírithe ar pháistí. Mar shampla, fógráin le haghaidh bhia snaiceanna, deochanna boga, milseáin agus seacláidí atá dírithe ar pháistí. De réir na rialacha seo, níor chóir d'fhógráin le haghaidh an chineáil seo bhia páistí agus daoine óga a spreagadh chun an iomarca de a ithe. Caithfidh cur i gcuimhne do na páistí freisin go bhfuil sé an-tábhachtach béilí rialta a ithe.

An síleann tú gur cheart dúinn riail a bheith againn faoi fhógráin le haghaidh an chineáil seo bhia?

Cén fáth?

Cad é a shíleann tusa?
Ar chóir go mbeadh riail ann faoin bhforéigean i bhfógraíocht do pháistí?

Cén fáth?

Foréigean i bhfógráin do pháistí

Riail eile atá acu i dtíortha áirithe nár cheart foréigean ar bith a bheith le feiceáil i bhfógráin do pháistí, mar go dtiocfadh leis sin eagla a chur ar pháistí agus daoine óga. Deir daoine eile go dtuigeann páistí níos sine nach bhfuil sna fhoréigean seo ach cur i gcéill, mar shampla, an foréigean a fheiceann siad i bhfógrán do chluiche ríomhaireachta. Má bhíonn a leithéid d'fhógrán ann go déanach san oíche, deir siad, ní fheicfidh aon dream é ach daoine fásta agus daoine óga, agus ní chuirfidh sé eagla ar bith orthu sin.

Ceist 8 *Ar cheart cosc a chur ar rudaí áirithe i bhfógráin atá dírithe ar pháistí agus daoine óga?*

Tá rudaí áirithe ann nach féidir a chur i bhfógráin atá dírithe ar pháistí agus daoine óga. I measc na rudaí seo tá tobac, cógais agus alcól.

In Éirinn, bíonn fógráin ann le haghaidh alcóil, ach is ar dhaoine fasta a bhíonn siad seo dírithe. Níl cead na fógraí seo a dhíriú ar pháistí agus daoine óga.

I dtíortha áirithe ceapadh rialacha chun cosc a chur ar rudaí eile i bhfógráin do pháistí. Mar shampla, níl cead an crannchur náisiúnta, cipíní, vitimíní nó táirgí tanaithe a chur i bhfógráin do pháistí agus daoine óga. I dtíortha áirithe, tá cead na rudaí seo a chur i bhfógráin do dhaoine fásta, ach níl cead iad a chur i bhfógráin a chraoltar nuair a bhíonn cláir do pháistí ar siúl.

Cad iad na rudaí nár cheart a bheith i bhfógráin do pháistí, dar leat?
Cén fáth?

Ceist 9 *Cén praghas atá air? Ar cheart rialacha a bheith ann faoin gcaoi a léirítear praghas rudaí i bhfógráin do pháistí?*

An síleann tú gur cheart riail a bheith ann faoin gcaoi a léirítear praghas rudaí i bhfógráin do pháistí?

Deir daoine áirithe go bhfuil sé tábhachtach go n-inseodh na fógráin díreach cén praghas atá ar na hearraí, sa chaoi is go mbeadh a fhios ag na páistí agus daoine óga díreach cé chomh costasach is atá siad nó cé chomh deacair is atá sé iad a cheannach.

Síleann siad freisin nár cheart focail ar nós 'x euro amháin' nó 'gan ach x euro' mar tugann sin le fios gur rud saor atá ann agus go mbeidh gach teaghlach in ann é a cheannach.

Síleann siad freisin nár cheart d'fhógráin do pháistí a thabhairt le fios go bhfuil an leagan nua den earra níos fearr ná na cinn a tháinig roimhe, mar go gcuireann sé sin brú ar pháistí agus daoine óga a bhfuil an seanleagan acu.


Ar cheart rialacha a bheith ann faoin gcaoi a léirítear praghas rudaí i bhfógráin do pháistí?

Ceist 10 *Agus anois na fógráin...Conas ba cheart na fógráin a dheighilt ó na cláir?*

Tá dlí san Eoraip a deir go gcaithfidh deighilt an-soiléir a bheith idir cláir theilifíse agus raidió agus na fógráin a chraoltar lena linn. Síleann daoine áirithe gur ceist an-tábhachtach é seo do pháistí agus daoine óga, mar go mbíonn sé deacair do pháistí óga deighilt eatarthu.

Tá roinnt rialacha in Éirinn agus i dtíortha eile chun an deighilt seo a dhéanamh soiléir. Abair linn cén dearcadh atá agat faoi na rialacha seo. Ar cheart dúinn iad a chur isteach sa chód fógraíochta do pháistí?

- Níor cheart go mbeadh fógrán ar bith cosúil le scannán nó le clár teilifíse/raidió, ar eagla go gcuirfeadh sé daoine trína chéile.

- Níor cheart do na daoine a bhíonn páirteach i gcláir, na láithreoirí mar shampla, cuid mhór cainte a dhéanamh faoi earraí. Bheadh sé sin róchisúil le fógrán.

- Níor cheart do láithreoirí na gclár a rá go síleann siad go bhfuil rudaí áirithe an-mhaith agus gur cheart do dhaoine iad a cheannach nó iad a úsáid. Is ionann sin agus fógrán.


An síleann tú go bhfuil na rialacha seo oiriúnach don chód fógraíochta do pháistí?
Cén fáth?

Cesit 11 *Cá huair ba cheart fógráin do pháistí a bheith ar siúl?*

Seo roinnt ceisteanna faoi na huaireanta ba cheart fógráin do pháistí a chraoladh.

Tá dlí san Eoraip a deir nár cheart sos fógraíochta a bheith in aon chlár do pháistí atá níos giorra ná leathuair an chloig.

An síleann tú go bhfuil na rialacha seo oiriúnach don chód fógraíochta do pháistí?

An síleann tú gur cheart rialacha éagsúla a bheith ann maidir le fógráin do pháistí a bhíonn ar siúl (a) le linn do pháistí an-óga a bheith ag breathnú ar an teilifís agus (b) le linn do pháistí níos sine agus do dhaoine óga a bheith ag breathnú ar an teilifís?

Cén fáth?

I dtíortha eile, níl cead fógráin a chraoladh i dtrátha an ama chéanna le cláir a bhfuil ceangal éigin acu leo. Mar shampla, má tá bréagán de phríomhcharachtar an chláir ann, níl cead aon fhógraíocht a dhéanamh ar son an bhréagáin sin díreach roimh, le linn nó i ndiaidh an chláir.

Tá riail eile ann a choscann aon fhógrán a bhfuil foréigean ann. Má shíleann daoine go gcuirfeadh sé eagla ar pháistí agus daoine óga, ní bheidh cead é a chraoladh in amanna a mbíonn páistí óga ag breathnú ar an teilifís.

Cesit 12 *Tá cineálacha nua fógraíochta ag teacht chun cinn. Níl siad go léir á gcleachtadh in Éirinn go fóill, ach shíleamar gur cheart dúinn smaoineamh orthu ar aon nós.*

Is é an chéad cheann ná rud ar a dtugtar **an fhógraíocht fhíorúil**. Is é atá i gceist anseo ná cleasanna físe. Síleann an lucht féachana go bhfuil siad ag breathnú ar rud atá ann, ach seans nach bhfuil sé ann ar chor ar bith.

Cuir i gcás go bhfuil tú ag breathnú ar chluiche sacair ar an teilifís. Thart timpeall na páirce, bíonn comharthaí fógraíochta le haghaidh earraí éagsúla. Cuir i gcás go bhfuil comhartha ann a bhfuil 'Ceannaigh Brioscaí Seacláide' scríofa air.

Is é an comhartha céanna sin a fheiceann na daoine atá sa staid sacair ó thús go deireadh an chluiche – 'Ceannaigh Brioscaí Seacláide'. Ach is féidir le lucht teilifíse an comhartha sin a athrú sa chaoi is go bhfeicfidh an lucht féachana sa bhaile roinnt fógraí éagsúla. Úsáideann na stáisiúin teilifíse an teicneolaíocht nua chun na comharthaí a athrú. B'fhéidir gur brioscaí a bheadh á fhógairt ar feadh cuid den chluiche agus gur deoch chóla a bheadh á fhógairt ar feadh tamaill eile. Síleann daoine áirithe gur cheart go n-inseofaí don lucht féachana go bhfuil na cleasanna seo á ndéanamh.

An síleann tú go dteastaíonn rialacha speisialta faoi na cineálacha fógraíochta seo, maidir le páistí agus daoine óga?

Cén fáth?

Cineál eile fógraíochta is ea **an fhógraíocht idirghníomhach**. Is é atá i gceist ná fógráin a insíonn duit gur féidir tuilleadh eolais a fháil faoi na hearraí má bhrúnn tú cnaipe ar an gcianrialtán. Tugtar tuilleadh eolais duit ansin faoi na hearraí atá á bhfógairt. Seans freisin go n-iarrfar ort eolas a sheoladh go dtí lucht déanta na n-earraí.

Is é an cineál deireanach fógraíochta ná **an fhógraíocht scáileáin scoilte**. Is gnách go mbíonn fógráin ar siúl sa tréimhse idir na cláir éagsúla nó sna sosanna idir páirteanna den chlár céanna. Ach is cineál fógraíochta é seo ina mbíonn na fógráin agus an clár ar an scáileán san aon am amháin, agus an scáileán scoilte ina dhá chuid.

Ceist 13 *Cad is clár do pháistí ann?*

Tá cinneadh déanta againn faoi seo. Sílimid gurb é atá i gceist le ‘fógraíocht do pháistí’ ná fógraíocht a spreagann páistí agus daoine óga chun rudaí áirithe a cheannach. Ar an dara dul síos, is fógraíocht í a bhíonn ar siúl le linn cláir do pháistí.

Ach bíonn ceist eile ag daoine, ‘cad is clár do pháistí ann?’

Is furasta a rá gur cláir do pháistí is ea cláir ar nós Sesame Street nó the Den. Ach céard faoi na cláir a mbreathnaíonn páistí agus daoine fásta araon orthu? An amhlaidh gur cláir do pháistí iad sin?

Mar shampla, bíonn cuid mhór daoine fásta agus páistí ag breathnú ar Coronation Street, Fair City nó Eastenders. Is cláir iad seo a dhéantar le haghaidh daoine fásta, ach bíonn páistí agus daoine óga ag breathnú orthu chomh maith.

Deir lucht fógraíochta gur cláir do dhaoine fásta iad seo, agus nach gá do na fógráin a chraoltar lena linn cloí leis an chód fógraíochta do pháistí. Deir siad gur cheart go mbeidís in ann fógráin do dhaoine fásta a chraoladh lena linn seo.

Ach deir roinnt tuismitheoirí gur cheart ‘cláir do pháistí’ a thabhairt ar na cláir seo más rud é go mbíonn páistí ag breathnú orthu. Mar sin de, chaithfeadh na fógráin a chraoltar le linn an ama seo cloí leis an chód fógraíochta do pháistí.

I dtíortha áirithe, faigheann siad amach cén dream is mó a bhreathnaíonn ar an gclár. Má bhíonn níos mó páistí ná daoine fásta ag breathnú air, is amhlaidh is clár do pháistí atá ann.

An síleann tú gur bealach maith é seo chun a chinntiú gur clár do pháistí atá ina leithéid sin nó a leithéid seo de chlár?

Cén fáth?

Ceist 14 *Conas is féidir a dhéanamh cinnte go bhfuil daoine ag cloí le rialacha an chóid fhógraíochta do pháistí?*

Conas seiceáil?

Bíonn an CCÉ ag éisteacht le agus ag breathnú le taifeadtaí ó stáisiúin raidió agus teilifíse. Tá foireann mhonatóireachta againn a bhfuil sé de dhualgas orthu seiceáil go bhfuil na stáisiúin ag cloí leis na rialacha.

An síleann tú gurb é seo an bealach is fearr chun a dhéanamh cinnte go bhfuil na stáisiúin ag cloí le rialacha an chóid fhógraíochta do pháistí?

Ceist 15 *Conas ab fhearr don CCÉ páistí agus daoine óga a chur ar an eolas faoin gcód fógraíochta do pháistí?*

Céard é an bealach is fearr, dar leat, chun páistí a chur ar an eolas faoin gcód fógraíochta do pháistí?

Is mian linn páistí agus daoine óga a chur ar an eolas faoin gcód fógraíochta do pháistí. Is mian linn go mbeadh a fhios acu cad iad na rialacha atá ann sa chaoi is gur féidir leo na rialacha a sheiceáil nuair a fheiceann siad fógrán atá go holc, dar leo. Má bhriseann an fógrán na rialacha, beidh páistí agus daoine óga in ann gearán a dhéanamh faoin bhfógrán agus a rá go mbriseann sé an cód fógraíochta do pháistí.

Ceist 16 *Conas ab fhearr dúinn an cód fógraíochta do pháistí a athnuachan?*

Táimid chun an cód fógraíochta do pháistí a athnuachan uair gach trí bliana, le déanamh cinnte go gcoinníonn sé bord ar bhord le hathruithe sa saol. D'iarramar cabhair oraibh maidir leis na rialacha a cheapadh agus seans go mbeimid ag iarraidh oraibh cabhrú linn maidir leis na rialacha a athnuachan.

An síleann tú gur cheart dúinn iarraidh ar pháistí agus daoine óga insint dúinn conas ba cheart an cód a athnuachan uair gach trí bliana?
Conas ab fhearr bhur gcomhairle a fháil?

Cad é an chéad chéim eile?

Táimid ag iarraidh ar pháistí agus daoine óga a dtuairimí a chur faoinár mbráid. Caithfidh sibh bhur dtuairimí a sheoladh chugainn roimh 21 Nollaig, 2003. Is é an spriocdháta céanna atá ann do dhaoine fásta freisin.

Nuair a bheidh bhur gcuid freagraí go léir againn, léifimid iad agus scríobhfaimid síos na príomhphointí iontu.

Tosóimid ansin ar na rialacha a cheapadh don chód fógraíochta do pháistí. Nuair a bheidh sin déanta, cuirfimid na rialacha nua sna nuachtáin agus ar ár suíomh gréasáin féin, chun go bhfeicfidh sibh féin iad. Beimid ag fiafraí de dhaoine fásta, de pháistí agus de dhaoine óga cad é a shíleann siad de na rialacha agus, nuair a bheidh sin déanta, déanfaimid an leagan deireanach den chód fógraíochta do pháistí.

Tá súil againn go mbeidh an obair go léir déanta roimh Mheitheamh 2004.

Go raibh maith agaibh as cabhrú linn na rialacha seo a cheapadh. Sílimid go bhfuil bhur gcabhair an-tábhachtach ar fad, sa chaoi is go gcloisfear guth na bpáistí agus na ndaoine óga.